When a brick wall is before you, you're forced to make a choice.

Will I stay on this side? or take a risk, scale its height, penetrate  
its depth and embrace the other side?  
When a wall is invisible to the naked eye, it can be a wall

of distrust, discrimination, bigotry and lies.  
To scale the height or penetrate the depth of this wall  
takes vision of a different kind.

It takes courage, conviction, compassion, tolerance and love  
to demolish the invisible walls  
in the hearts and minds of those we find it hardest to love.

## Dan Gregory

### *White Paper Bags*

I seen a burnt-out stoley  
on my way to work this morning  
nothing new like  
but something new in it  
something of the unseen  
of the metaphysical  
an unspoken agreement suddenly proclaimed  
and the dead silence of it  
like a sad painting  
when every other cunt's in bed  
where they should be  
in that stereotypical housing estate  
just by the new swings  
only an occasional crackle or hiss gives its permis-  
sion to my ear  
in our moment  
in our void  
together  
me  
and It  
and the freezing morning air

and the cold silence  
and the lazy gray sun just up ten minutes  
and the smell of its carcass  
like a bad omen  
like it all meant something  
and where did time fuck off to?  
something in the engine exploded  
the shock broke the spell  
broke the magnetization of it  
the importance of it  
just gone  
like it was never there  
like the good dreams  
I carried on walking to work  
past the estate  
where the bakeries used to open early and the  
contents of their white paper bags  
would stay warm for the dander

## Aedín Ní Thiarnaigh

### An té sa scáthán

Ar shiúl abhaile dó, bhí an tiúb beag ina phóca ag clingeáil in aghaidh a eochracha.

Shiúil sé ní ba thapúla – dá b'airde an torann, bheadh sé thart ní ba luaithe.

Níor bheannaigh sé dá mháthair ná dá deirfiúr nuair a bhain sé an teach amach faoi dheireadh. Bhíodar suite i dteannta a chéile sa chistin, cúlchaint gan chiall ar siúl acu mar ba ghnách. Suas leis go ciúin, chuig an seomra folctha thuas staighre.

I ndiaidh dhó an doras a dhúnadh le *dic*, chas sé, agus bhreathnaigh ar an duine roimhe sa scáthán; buachaill cúiseach ard, tanaí, craiceann geal gan mhácáil aige ach é breactha le póigíní gréiné, a chuid súile uaine frámailte le fabhraí fada.

Shleamhnaigh sé a lámh isteach ina phóca, agus chuimil an tiúbín mín idir a mhéar is a ordóg. Ar sheiceáil go raibh an bolta ar an doras, thóg sé é amach agus bhain an caipín ór de.

Le lámh shocair, leath sé an béaldath ar a bheola, agus rinne meangadh gáire leis an gcailín sa scáthán.

Chuala sí an doras tosaigh ag dúnadh de phlab. B'shin Mam agus Úna imithe ag Zumba, mar a rinneadar faoi dhó sa tseachtain. Lig sí osna faoisimh as, bheadh an teach aici féin ar feadh uair a choig, ar a laghad. Bhain sí an bolta den dhoras an athuair, agus le céim ní b'éadroime shiúil anuas an staighre.

Bhí an chistin folamh, agus rinne a coiscéimeanna macalla leis na tíleanna agus í ag siúil i dtreo an chuisneora. D'oscail sí é, agus ransaigh sí thart isteach ann, ag bogadh glasraí agus uibheacha go dtí gur aimsigh sí é, ar chúl ar fad; an leathbhuidéal fíona.

Tharraing sí amach é agus thóg gloine síos ón gcófra. Ní thabharfadh Mam rud ar bith faoi deara. Ní ba mhinic do Mham a bheith ag ól, agus í seasta ag coinneáil súil ar na calraí. Caith-

fidh go raibh an buidéal seo ann ón uair dheireanach ar tháinig Aintí Síle ar cuairt na seachtainí ó shin.

Leag sí an gloine ar an gcúintéir agus shín a lámh suas chun an raidió ar an tseilf a chasadh air.

Líon popcheol an aer mar a líon sí an gloine go barr. Bhí an fíon fuar, tar éis a bheith ar chúl an chuisneora chomh fada sin, agus d'fhág a méara rian ar an gceol ar imeall an ghloine, nuair a d'ardaigh sí é le bolgam fada a ól as.

Líon sí an gloine an athuair. I ndiaidh súimín eile a thógaint, choinnigh sí idir a dá lámh é, a súile dúnta agus í ag luascadh le rithim an cheoil, aoibh shásta ag teacht ar a haghaidh de réir mar a chuaigh an fíon i bhfeidhm uirthi.

Níor airigh sí an t-am ag sleamhnú thart, go dtí gur bhris *'ping'* trín gceol ar an raidió. Óna fón póca ar tháinig sé, a bhí caite ag bun na staighre. Chaith sí súil leis an gclog ar an mballa; ceathrú chun a sé. B'shin an meabhriúchán a bhí socraithe aici don treanáil. Bheadh uirthi a bheith ann faoi cheann leathuair a chloig.

Shín sí leis an raidió a mhúcadh, chaith a raibh fágtha den bhfíon searbhmhilis aniar agus leag an gloine anuas ar an gcúintéir. Bhí rian a méara le feiceáil ann fós, agus dath bándearg a bheola fágtha ar an mbéal. Thug sí aghaidh ar an staighre arís, chun a feisteas a chuir uirthi agus a brógaí reatha a lorg.

Bhain sí a cuid éadaí scoile di agus tharraing uirthi a bristí gearra, a barr traenála agus tar éis cúpla nóiméad á thóraíocht, d'aimsigh sí an leathbhriúchán reatha á bhí ceilte faoin leaba.

Iallacha ceangailte agus mála pacáilte, d'fhill sí ar an seomra folctha. Ghlan sí a béal, agus d'fhág sí slán leis an gcailín.

Bhí a chosa trom agus é ag siúil anuas an staighre, faoi dheifear anois muna raibh sé le bheith déanach don traenáil. Scinn sé isteach sa chistin agus chaith an gloine folamh isteach sa mhiasniteor sular rug sé ar a eochracha agus thug aghaidh ar an mbóthar, an doras á dhúnadh de *chlic* ina dhiaidh.

## Maura McParland

### *Beady-Eyed Robin*

little bird with the broken wing  
shelter, call, to protect thy sing

nest and rest, breathe, be alert  
remain in the sanctuary, free from hurt

be open to all that intervene  
to assist you back to that sense of serene

strength in patience, be still, hold tight  
nurse the wound, prepare for flight

one step at a time, beady eyed bird  
remembering all that you have learned

off you go, discreet and slow  
a hop, a worm, to build, to grow

mind slinky cat not so shy  
rise from the hedge, fly up, rise high

chirp chirp, sing sing, attend the fragile wing  
ádh mór, beautiful thing



## Seán 'John-Boy' Ó Muireagáin

### *An Cat, na Colmáin agus an Coimheascar*

Sráid bheag de thithe sraithe measartha ciúin a bhí ann, an tsráid ar a raibh Dónal Ó Dálaigh ina chónaí. Bhí seanbhean béal dorais le Dónal. Biddie a tugadh uirthi, ach ní thug Dónal ach a bhean Uí Dhochartaigh uirthi. Le roinnt blianta anuas, bhí cúpla cat fáin ag crochadh thart i gcúlgharraí na seanmhná. Cat mór rua agus cat dubh, a bhí rud beag bídeach níos lú.

Chuir Dónal gráin an diabhair ar na cait seo. Bhuel, déanta na fírinne, chuir siad scanradh a anama air. Ina theannta sin, b'fhuath leis gur bheathaigh an tseanbhean iad achan lá agus sin an fáth a raibh siad go fóill ag crochadh thart. Ach ab é sin, bheadh na cait ar shúil agus ní bheadh air a bheith buartha arís fá dtaobh daofa.

Ar an lá fáidhiúil seo, chuaigh Dónal amach lena bhocsa féin bruscar a chur amach do lucht tógala bruscair. Bhí an cat mór rua ina suí ar an bhocsa. "Hup, hup, imigh leat a chait!" a scread Dónal. Ach níor bhog an cat mór rua. Shuigh sí ansin ag stánadh air go magúil. Shiúil Dónal chuici, ag caitheamh na ngéag go bagarthach san aer, nuair a léim an cat mór rua air go tobann. Níor bhagairt é a thuilleadh ach éacht. Bhí an cat mór rua ag déanamh beart de réir a briathair.

Bhí crúba lofa an chait mar a bheadh claíomh samúraí iontu, ag crúbáil chraiceann lámha Dhónail gan trua. Rith Dónal ar ais sa teach leis an méid a bhí ina chnámha agus an doras ag greadadh do phreab ina dhiaidh.

Bhí a chéile, Pádraigín ina suí sa chistin ag ól tae. "Dár fia, cad é a tháinig ortsa a stór?"

"An diabhal cat mór rua sin béal dorais. D'ionsaigh

sí mé, gan ghríosú! Beag nár mharaigh sí mé. Bhí an t-ádh dearg orm gur éalaigh mé." Seo uilig ráite agus é as anail agus a chroí ag preabadaigh ina bhrollach.

D'fhreagair Pádraigín é agus níos mó ná beagán den tarcaisne ina glór. "Beag nár mharaigh sí thú, an cat beag sin!"

Ní raibh Dónal ag gabháil a ghlacadh go humhal leis! "Tá sé chomh mór le madadh an cat sin, bíodh a fhios agat! Amharc ar mo lámha!" A d'impigh sé uirthi.

Chonaic sí ar a aghaidh gur goineadh air. Níor bhréagach é, bhí a lámha stróicthe go maith. "Ó, a Dhia, a stór, tchím anois é. Beidh ort labhairt le Biddie agus iarraidh uirthi fáil réitithe daofa."

"Dhéanfaidh mé sin!"

D'fhan Dónal go raibh Pádraigín imithe chun a cuid oibre sular labhair sé le bean Uí Dhochartaigh. Chnag sé an doras tosaigh go dtáinig sí amach.

"Tá mé buartha cur isteach ort a bhean Uí Dhochartaigh..."

"Biddie atá orm. Tá an leagan sin ró-aosta!" Dúirt sí an rud céanna leis achan uile uair.

"A bhean uasal, amharc ar na lámha s'agam. An chat rua sin a rinne é ar maidin. Tuigim go bhfuil dúil agat sna cait sin..."

Bhris an bhean bheag isteach. "A mhalairt ar fad atá fíor. Scanraíonn siad as mo chraiceann mé. Ach, tá eagla orm. Ní thiocfadh liom gabhail amach sa chúlgharraí mura dtabharaim greim bí daofa."

"Ó! Tchím. Shíl mé... Is cuma. Bhuel, ar mhiste leat scairtigh ar lucht srianta lotnaidí le hiad a thabhairt ar shúil? Gheobhaidh mise uimhir duit más maith leat?"

"Dhéanfainn sin go cinnte a Dhónail. Cuirfidh mé scairt orthu anois más maith leat!"

Las aghaidh Dhónail go bun na gcluas. “Níos mó ná sásta a bheas mé a bhean Uí Dhochartaigh, beidh mé ina bhun go deo duit.”

Níos moille anonn sa lá sin, thug Dónal faoi deara veain ag tarraingt isteach taobh amuigh de theach na seanmhná agus fear óg ag léimnigh amach as. Rith Dónal amach le labhairt leis, le rabhadh a thabhairt dó.

“Haigh! Tá tú anseo leis na cait sin a thabhairt ar shúil?”

Níor fhreagair an fear óg é, ach d’amharc sé ar Dhónail mar a bheadh amadán ann.

Labhair Dónal amach arís. “Tá mé ag inse duit, tá na cait sin ar fiáin. Bí an-chúramach!” Ní bhfuair sé ar ais ach radharc Bhaloir agus shiúil an fear óg ar aghaidh isteach ar an chosán idir an dá theach go dtí an cúlgharraí.

D’fhan Dónal siar go dtí go gcuala an t-ionsaí marfach ag tarlú sa chúlgharraí, go dtáinig an fear óg amach ina rith agus an chuma air gur ionsaí an diabhal féin é, agus gur sciob sé uaidh a anam. D’imigh an fear óg thar tar Dhónal gan smid as a bhéal. Léim sé isteach sa veain agus chualathas na boinn ag díoscarnach leo go bun na sráide. Agus straois bheag shotalach ar aghaidh Dhónail.

An lá ar na bharrach, tháinig an veain ar ais, ach an t-am seo, bhí beirt acu ann agus iad gléasta sna héadaí cosanta ba láidre dá bhfaca Dónal ariamh. Bhí dhá chuaille fhada agus lúb ag an cheann acu, leis na cait a ghabháil.

Lean Dónal iad lena gcoimhead. Fuair duine amháin de na fir greim ar chos amháin dheiridh an chait mhóir ruaidh.

Bhí an cat ag gabháil ar mire an t-am ar fad, ag bocléimnigh thart, gan smacht, gan srian. D’imigh an cat agus an cuaille leis agus é ag luascadh go contúirteach in achan treo, ag bualadh achan rud fá dtaobh dó agus an bheirt fhear sa tor uirthi. Ba bhocht an scéal. Sa deireadh, rug duine acu greim

ar an chuaille arís agus chuir an duine eile an lúb eile thart ar cheann an chait.

Bhí an cat go fóill ag léimnigh agus ag preabadaigh mar a bheadh diabhal Tasmánach ann agus an bheirt fhear á dtarraingt anonn is anall, amhail dhá dhuilleog mhóra páipéir á stroiceadh sa ghaoth.

Fá dheireadh thiar thall, agus cuma spíonta, traochta orthu, d’éirigh leo an cat a chur i gcás i gcúl an veain, áit ar cuireadh faoi ghlas é. Bhí siad réidh le himeacht nuair a tháinig an tseanbhean amach as an teach ag scairtigh orthu, “Tá ceann eile amuigh ansin go fóill, ní thig libh imeacht gan é.”

Scairt fear amháin acu ar ais uirthi. “Cuirfidh muid gaiste síos leis an cheann eile a cheapadh.” Agus d’imigh siad leo.

Go luath an lá ar na bharrach, tháinig siad ar ais leis na gaistí agus cuireadh sa chúlgharraí iad leis an chat eile a cheapadh. Ach níor fhan siad féin thart rófhada le dúshlán an chait eile a thabhairt agus d’fhág siad an tseanbhean leis an dá ghaiste a choimhead.

Tá cara ag Dónal, Tarlach atá air. Tá cónaí ar Tharlach trasna na sráide uaidh Dónal. Is é fear mór na gcolmán é Tarlach, agus chonaic seisean an ruaille buaille uilig ag gabháil ar aghaidh. Thug sé faoi deara chomh maith lucht srianta lotnaidí ag cur gaiste isteach i gcúlgharraí na seanmhná.

Tháinig sé anall agus bhual sé cnag ar dhoras Dhónal. “Táthar ag cur gaiste síos leis na cait sin a cheapadh?” A d’fhiafraigh sé de Dhónal.

“Tá.” Arsa Dónal. “Nach gcuala tú fán rí rá uilig a bhí anseo inné leis an chat mhór rua sin?”

“Chualaidh. Rud beag, ach is cuma sin. Tá gar uaim a Dhónail. Tóg ceann de na gaistí sin domh, le do thoil. Bíonn an cat dubh sin istigh ag na colmáin s’agam achan oíche agus ba bhreá liom greim breith air agus é a mharú.”

Ba chuma le Dónal anois ach an dá chat a bheith imithe agus ba leor gaiste amháin leis an chat eile a bhreith. “Gheobhaidh mé ar ball é, nuair a bheas an tseanbhean amuigh. B’fhearr i bhfad é dá marófá féin é, ná é a fhágáil ag an tseanbhean le déanamh.”

Nuair a bhí an tseanbhean amuigh ag na siopaí tráthnóna, fuair Dónal an gaiste. Thug sé anonn chuig Tarlach é.

“Beidh craic agam ar maidin leis an chat sin.” Ar Tarlach le Dónal. “Cuirfidh mé scairt ort ar maidin.”

“Déan sin a Tharlaigh. Tchífidh mé go luath ar maidin thú mar sin de.” Chuaigh Dónal ar ais chun tí agus d’fhág Tarlach leis an ghaiste.

Chuir Tarlach an gaiste i mbothán na gcolmán an oíche sin agus chuaigh a luí. Go moch luath an mhaidin ina dhiaidh sin, chuaigh sé amach agus iontas na n-iontas, bhí an cat dubh sa ghaiste, ceart go leor. Rith sé anonn chuig Dónal. “Tá an diabhal cat ceaptha agam! Tá sé agam! Níl le déanamh againn ach é a mharú. Ach, cad é mar a mharóidh muid é?”

Rinne Dónal machnamh tamall beag. “Cad é fá, é a bhá san fholcadán.”

“Bulaí fir a Dhónail. An-smaointiú go deo.” Rith sé ar ais chun tí agus Dónal sna sála air, gur chuir sé an cás ina raibh an cat fiáin, isteach san fholcadán, agus chas an sconna. Bhí an folcadán ag líonadh go fadálach agus bhí an cat ag gabháil ar fiáin sa chas. Nuair a bhí an folcadán lán, bhí píosa beag den chas go fóill le feiceáil ag gobadh amach as an uisce, agus beolaí an chait ag sú acir isteach go fraochmhar.

Lig Tarlach don uisce rith go fóill agus é ag gabháil thar bhéal an fholcadáin agus ag fliuchadh an urláir agus ag rith amach go dtí an forhalla agus an cat ag análu go fóill.

“Faigh maide beag tanaí domh a Dhónail, níl an diabhal cat seo ag bá”

Rith Dónal amach ar lorg maide go dtánaig sé ar cheann beag ina luí sa chúlgharraí. Isteach leis arís.

“Seo dhuit a Tharlaigh.” Shín sé an maide chuige, ag amharc ar shúil le nach leagfadh sé féin súil ar an chat bhocht ag iarraidh a hanáil dheiridh a tharraingt isteach.

Bhí Tarlach anois ag cur truilleán leis an chat síos faoin uisce, go dtí sa deireadh, stop streacailt an chait, agus bhí sí anois ar snámh ar bharr an uisce.

“Fá dheireadh thiar thall!” A scread Tarlach, “Shíl mé nach bhfaigheadh sé bás go deo.”

Chrom sé anonn agus tharraing sé an stopallán amach as poll an fholcadáin agus shuigh sé ar imeall an fholcadáin ag fanacht go dtearn an t-uisce an bealach síos sa pholl stopalláin.

“Buíochas le Dia go bhfuil sin thart.” arsa Tarlach go hard, “Beidh mo bhean chéile ar ais i gcionn fiche bomaite agus rachadh sí ar mire dá bhfeicfeadh sí a rinne muid ansin. Tá dúil mhór aici sna cait. Mharódh sí mé dá bhfeicfeadh sí a leithéid seo ag tarlú ina teach féin. Tá sí millteanach beadaí fán teach seo.”

Nuair a bhí an t-uisce ar shúil d’fhoscail Tarlach an cas. Ar luas lasrach, léim an cat amach as agus d’ionsaigh sé Tarlach; ag stroiceadh agus a réabadh a chuid lámh. Bhí fuil achan áit; ar na ballaí, ar an urlár, agus achan áit fá Tharlach féin. Bhí an cat ag scréachach, bhí Tarlach ag béiceach agus bhí Dónal féin ag screadach in ard a chinn le heagla. Chuaigh an streacailt ar aghaidh ar feadh an cúig shoicind is faide ariamh, go dtí gur chaith Tarlach an cat uaidh agus rith amach as an seomra folctha ag ghreadadh an dorais ina dhiaidh.

“In ainm croim! Amharc an crut ar an áit seo. Beidh Bríd ar buile. Beidh sí anseo gan mhoill. Cad é atá muid ag gabháil a dhéanamh a Dhónal?” Sheas Dónal gan chorraí.

Bhí ag cat go fóill ag gabháil ar mire sa tseomra folctha agus níor chualthas ach cnagarnach, clagarnach agus, siosarnach agus ruabhéic, mar bhí tornádó ag stróiceadh an tseomra agus achan rud ag briseadh fúinn agus tharainn, agus an cat ag déanamh smionagar d’achan rud sobhriste.

“Déan rud inteacht a Dhónail, sula dtiocfaidh Bríd ar ais, ina ainm Dé. Maróidh sí mé!”

Rith Dónal isteach agus d’fhoscail sé doras an tseomra folctha. Rith an cat amach agus suas an staighre leis agus é ag déanamh torann polltach a scoiltfeadh do cheann agus ag leagan aon rud sa chasán air.

Rith an bheirt fhear amach as an teach agus sheas siad beirt sa gharraí chun tosaigh, Tarlach agus a lámha ar a cheann agus Dónal go fóill ag cúlú siar ón teach, mar chladhaire, ag iarraidh éalú.

Bhí na doirse uilig druidte thuas staighre, rud a chur bac ar an chat agus tháinig sé anuas an staighre arís, ag rith ar nós na gaoithe móire. Rith sé isteach go dtí an seomra suí. Rith Tarlach isteach gur dhruid sé an doras ina dhiaidh agus rith amach sa gharraí arís. Lig sé scread marfach as féin. Ba deacair a rá arbh é, go bhfaca sé Bríd ag caint le duine de na comharsanaigh, caoga slat síos an tsráid, nó, go bhfaca sé an cat ag stróiceadh achan pháosa troscán sa tseomra suí. Bhí Dónal anois ag siúl anonn an bóthar ag éalú leis, mar ba cheart a dhéanamh. Sheas sé ag a gheata féin ag coimhead an rírá agus an marfach uilig a bhí ag tarlú ag teach Tharlaigh.

Mheall an callán uafásach seo cúpla duine dá chomharsanaigh amach le feiceáil cad é a bhí ag gabháil. Duine acu sin Pól, a raibh madadh beag aige. Brocaire beag toirtiúil a bhí ann. Madadh beag an-láidir agus an-chróga, mar a mhaíomh

Pól as gan stad. “A Phóil a Óglaigh, déan gar domh. Scaoil do mhadadh isteach sa tseomra suí ansin leis an chat sin a ruaigeadh. Le do thoil, sula dtiocfadh Bríd!”

“Fadhb ar bith!” Arsa Pól. “Cuirfidh Butch níos mó ná ruaig air, fan go bhfeice tú.”

Sheas sé ag doras an tseomra suí gur fhoscail Tarlach é. Rith an madadh beag toirtiúil isteach, ag tafann go bagarthach agus ag drannadh leis go cróga. Go tobann, stop achan challán. Bhí bearna beag de chiúnas marfach ann, nár mhair ach trí nó ceithre shoicind agus ansin thoisigh sé arís. Ach anois, ba é an madadh a bhí ag scamhaíl is a sianaíl. Sheas siad beirt ag an doras ag éisteach leis an mhadadh ag scríobadh an dorais le teann éadóchas agus é ag scréachach go pianmhar agus go truacánta.

Tháinig scaoll ar Phóil. “Foscail an doras sin anois. Scaoil amach mo mhadadh, anois láithreach!” Bhí sé beagnach ag caoineadh.

“Fan bomaite a Phóil.” Arsa Tarlach leis agus an scaoll céanna air féin anois.

“Foscail an doras damánta sin anois, nó dhéanfaidh mise é a chiceáil isteach.”

D’fhoscail Tarlach an doras agus rith an madadh amach as agus an cat sa tor air amach ar an doras toisigh i dtreo theach Phóil agus Pól sa tor ar an dá ainmhí.

Shiúil Tarlach isteach arís agus d’fhoscail sé doras an tseomra suí. An radharc a bhí roimhe. Ba deacair cothrom na Féinne a dhéanamh dó. Shílfeá gur Phléasc buama sa tseomra. Bhí na cuirtíní ina luí ar an urlár stróicthe as a chéile, mar a bheadh ribíní iontu. Bhí an tolg ar nós seantolg a bhí ina luí taobh le tine cnámha le coicís. Ní raibh ruid slán den rud. Ní raibh aon ornáid shobhriste, ná dohriste, nach raibh ina luí briste ina smidiríní. Bhí fuil an mhadaidh achan áit thart ar na ballaí agus ar aon pháosa eile troscáin sa tseomra. Bhí

an taobh sin den doras stialta stróicthe. Sheas Tarlach ag amharc ar an scrios agus bhris an gol air.

An lá ar na bharrach, bhuail sé grág arís ar dhoras Dhónail.

“Tá gar uaim.”

“Rud ar bith a Tharlaigh, cad é thig liom a dhéanamh?”

“Tá do veain a dhíth orm, le gabháil suas chuig an ionad dumpála. Caithfidh mé troscán an tí a dhumpáil agus stuif úr a cheannacht; as mo phóca féin. Bríd a d’éilligh é, sin nó go ndéanfadh sí féin an rud céanna domhsa.”

“Cinnte, a chara, cinnte. Tabhair cúig bhomaite domh agus rachaidh mé anonn le tú a thógáil.”

“Go raibh maith agat a Dhónail.”

“Níl aon bhuíochas ort a Óglaigh, tuigim duit. Ní fiú í a chrá níos mó ná atá sí fá láthair.”

“Níl sí cráite. Ní leor an focal cráite, a Dhónail. D’fhéadfá pianpháiseach, nó, nimhneach a úsáid, nó, gangaideach, iad uilig le chéile agus go fóill ní bheadh go leor agat le cur síos a dhéanamh ar an spionn atá uirthi. Níor fhulaing mise oíche chomh holc sin ariamh i mo shaol, agus níor mhian liom an dara ceann mar é a chaitheamh arís.”

“Bhí sí feargach mar sin de?”

D’amharc Tarlach ar Dhónal agus dreach díchreidmheach air. “Fergach! An bhfuil tusa ar mire? Bhí sí ar buile! Bhí sí ar an daoraí. Chuir an rud le báiní í. Agus thug sí fógra deiridh domh; na colmáin nó ise! Mo cholmáin a Dhónail, mo cholmáin!”

“Cad é a dúirt tú?” D’fhiafraigh Dónal go soineanta.

“Cad é a dúirt mé? Níor dhúirt mé a dhath, faic, dada! Shuigh mé ar an tseantolg an oíche aréir gan

smid asam. Ní bhfuair mé ach an tsúil cholgach an oíche ar fad agus nuair a mhaolaigh an scréachach, níor labhair sí liom. Agus níor labhair sí liom ó shin. Mhúscaíl mé ar an tolg sin ar maidin agus bhí nóta ag fanacht ar an tábla domh. “Réitigh achan rud sula dtiocfaidh mise na’ bhaile arís anocht, nó réitigh tú féin as an teach!” Sin an fáth a bhfuil mé anseo, anois.”

“Tuigim.” Arsa Dónal go cosanta.

“Tá súil agam go dtuigeann, a Dhónail. Nár thusa a thug an diabhal chomhairle domh ar an chéad gabháil síos an cat sin a bhá san fholcadán!”

“Is é, thug, ach, leis an fhírinne a dhéanamh, níor bháigh tú mar is ceart...” Stop Tarlach ansin é.

“Ná habair oiread is focal amháin eile! Sin é! Tá deireadh leis an chomhrá seo anois. Tar chugam i gcionn cúig bhomaite leis an veain!”

Shiúil Tarlach ar ais chun tí agus rinne Dónal é féin réidh don turas chuig an ionad dumpála.

## Odhrán de Rúiséal

### *The Hierarchy of Struggle*

how do you begin

to let yourself feel,

to give yourself a break

to not be a machine?

I find it hard

because I feel very blessed

I've got money in my pocket

and I'm seldom poorly dressed

how do you begin

to treat yourself like others?

to let people in,

to let yourself recover

are my problems, real problems?

I've got food on my plate

and If I need to talk

I know there's a safe space

how do *I*

say I'm not alright?

if asked am I ok I'll probably say I'm fine

if asked once again I'll probably start to cry

But how should I react

when I'm feeling overwhelmed?

because it feels like I've no right

when so much goes so well

how do I begin

to go through

what I'm going through

without feeling like it's unreasonable

not to flow through

so, I do find it tough

to admit when I'm struggling?

I feel like I'm privileged

and my problems amount to nothing

I want to begin

to address what I'm feeling

to not just be strong

to actually start healing

I understand that life

isn't just point A to point B

but when I see what people struggle with,

how can I feel bad for me?

## Fionnuala Ní Mhealláin

### *Stoirm Breithe*

Stealladh uisce  
Mar eas ón bhroinn;  
Arraing ag teacht,  
Arraing ag imeacht;  
Luascadh na dtonn  
Anonn is anall;  
Toirm na dtonn  
Gan sos, gan staonadh.

Géilliúlacht don chinniúint  
Ómós don nádúr;  
Búireach na dtonn  
Ag réabadh is ag stróiceadh;  
Ansin go tobann –  
D'aon turraing amháin,  
Béiceach sinseartha.  
Tost suaimhneach –

Gol úr nua; Saol úr nua.

## Aedín Ní Thiarnaigh

### *Slán le hInis Meáin*

Fágaim slán,  
ag Brat Bríde,  
cuilt bhreac chlocha  
de dhéantús blátha is goirt,  
ar dhromchla an Atlantaigh.

Carraigeacha crua  
sníofa go snasta,  
a shú an ghrian isteach  
sular fháisc sí thart orm,  
do mo choinneáil te teolaí  
agus mo cheirteacha féin  
á bhfuáil le chéile agam.



## Siobhán McCallin

### *Labyrinth*

Your journey is the path  
where you dare to tread.  
Loaded with adventure,  
sometimes filled with dread.

If you believe in travelling  
to your hero's destination.,  
beware of that shadowy figure  
Procrastination.

At each crossroads you will  
recognise many a special call.  
The path is fraught with dangers,  
sometimes you will fall.

Get back up, dust the dirt off,  
get up off the ground.  
It's in these times – dreams  
are recognised and found.

The path of a hero, like the labyrinth,  
can be met with dead ends.  
Retrace your steps, take another route,  
but your journey don't suspend.

The many pathways within this maze  
will require you to start over again.

A journey worth travelling is not  
devoid of hardship, grief or pain.

So keep on keeping, keeping on,  
one step at a time –  
dance at every roadside,  
embrace the rhythm and the rhyme.

Each of us are on a journey –  
*man's road of evolution* –  
but the true journey  
is one of internal revolution.

No matter what you seek,  
you can triumph on your quest.  
Living fully presently is  
when life is travelled best.

## Fionnuala Ní Mhealláin

### *Ligthe i nDearmad*

Chaith Lucy a cuid súl thart ar an áiléar. Bhí an áit beagnach glanta aici agus bhuaíl píosa d'faoiseamh í. Ba dhoiligh di creidbheáil gur seo a lá deireanach sa teach seo, an tearman inár chaith sí mórchuid a saoil. Is beag go raibh an Domhnach ar fad curtha isteach aici ag socrú boscaí móra a bhí clúdaithe le deatach is le líontaí damhán alla. B'fhuath léi damhán alla i gcoitinne – ní hé fuath – 's é níos mó d'eagla a bhuaíl í nuair a smaoinigh sí ar na cosa gruagacha dubha a bhí orthu. Caithfidh gur tharla rud inteacht di is í ina girseach siar in am. Thosaigh sí ag smaoinreamh ar rud éigin eile le héalú ón fhóibe a bhí aici.

Is é mí ó shin a chinn a máthair go mbeadh sí ag bogadh isteach chuig teach nua, ar shiúil ón cheantar. Ba dhoiligh a chreidbheáil gur chónaigh sí i 27 Sráid na Séice, Bun na hAbhainn le cúig bliana is fiche anuas. Deireadh ré a bhí ann agus ghoill sin ar Lucy píosa beag. Amárach, bheadh teaghlach eile ina gcónaí sa teach seo. An teach a thug cuimhne is grá do Lucy le linn di fás aníos. Bhí a cuid staire i bhfolach istigh ann, greanta i ngach coirnéal is i ngach seomra. Is fíor go raibh a máthair ag éirí níos sine agus thug Lucy faoi deara go raibh sí níos uaigní le déanaí fosta.

Is nuair a tháinig an teach i gCois Abhann Doinne ar an mhargadh gur smaoinigh Máire Uí Cheallaigh ar bhogadh. Chónaigh Cáit, a deirfiúir agus a teaghlach sa tsráidbhaile ansin ar an phríomh-shráid. Bheadh cuideachta mhaith ag Máire ansin ag caint is ag comhrá lena deirfiúir. Ní bheadh an t-ímní céanna ar Lucy a thuilleadh anois go raibh sí ag caitheamh níos mó ama ag obair i mBéal Feirste.

Is cinnte go gcrónódh Lucy an teach seo a bhí suite ar imeall na farraige. Thaitin fuaim na dtonn léi agus an ghaoth fhiáin a shéid ar a haghaidh léi.

D'éirigh sí ón urlár cruu agus shiúil sí a fhad leis an fhuinneog bheag Velux a bhí ag binn an tí. Thiontaigh sí an hanla agus chas sí timpeall é leis an fhuinneog a oscailt amach. Chonaic sí sléibhte Albain go glinn i bhfad uaithi. Chonaic sí cúpla bád iascaireachta ag seoladh ar na tonnta. Chonaic sí na faoileáin ag tomadh is ag eitilt. Ó is cinnte go crónódh sí an radharc amach os a comhair.

Thiontaigh Lucy thart agus thug sí aghaidh ar na boscaí a bhí ina luí ar urlár an áiléir athuair. Níor chreid sí an méid litreacha is an méid cártaí a tháinig sí orthu ó na blianta roimhe. Bhí meascán de chártaí Nollaig is breithlá ann. Bhí go leor litreacha a fuair sí ó chairde a d'fhreastal ar na coláistí gaeltachta léi i measc rudaí eile. Rinne sí gáire beag léi féin nuair a tháinig sí ar a céad cárta Vailintín. Bhuaíl idir náire agus cion í ag smaoinreamh ar an am sin a ndeachaigh sí sa tóir ar Thiarnán, a céad grá. Ó dá mbeadh an chríonacht agus an t-eolas atá aici anois ag an am sin ní chuireadh sí cuid mhaith dá cuid ama amú ar ghasúir mí-aibí agus ar dhaoine amaideacha. Ba ghnáth léi bheith chomh buartha fá bharúlacha dhaoine eile agus bhí sí bródúil as an iarracht a bhí déanta aici ar na malluibh leis an drochnós seo a athrú. Chuala sí macalla an tseanfhocail ina cloigeann – Tagann ciall le haois.

Bhí leasracha Lucy ag éirí nimhneach de bhrí go raibh sí ina suí ar a gogaide barraíocht. Fuair sí greim ar shéan-cheannadhairt a bhí ina luí sa chúinne agus chuir sí thíos faoina tóin é. Bhí sí sáite sna cuimhneacháin uilig a bhí ag seoladh thart uirthi cosúil le brat scamall. Ba dheas theacht ar ghrianghraif óna hóige fosta. Chuimhnigh sí siar ar sheanghaolta nach bhfaca sí le fada an lá. B'fhéidir go ndéanfadh sí cuardach ar chuid acu ar Facebook nó ar Instagram níos moille nuair a bheadh níos mó ama aici. Thóg sí cúpla seát scáileáin lena guthán d'ainmneacha a bhí scríofa ar chúl ghrianghraf le cur i gcuimhne di féin.

Sheas Lucy suas agus d'amharc sí thart ar fud an tseomra. Shiúil sí chuig cúl an tseomra agus shuigh sí síos go cúramach ar rachta adhmaid. Bhí

a géine clúdaithe le marcanna dubha ón salachar a bhí thart uirthi ach ba chuma léi ag an pointe seo. Shonraigh sí na cairn dhifriúla a bhí socraithe aici le tabhairt anuas agus amach chuig a carr. Bhí sí níos scaoilte inti féin de bhrí nach raibh ach bosca amháin fágtha aici le socrú. Cá bhfios cad é a bhí istigh ann – sean-bhillí nó páipéarachas de chineál éigin a shíl sí. Thosaigh sí á tharraingt ina treo – bhí sé measartha trom is stróic coirnéal amháin ag barr an bhosca go furasta. Bholadh sí tais ag teacht ón chairtchlár – sean-bholadh fann coinclí ag teacht uaidh. Bhuail taom chasachtaí í de bharr an dusta uilig. Tháinig sceitimíní uirthi ag smaoineamh ar an seoid a thiocthadh sí air taobh istigh. D’oscail sí na taobhanna go cúramach is bhreathnaigh sí isteach.

An chéad radharc a bhuail í ná éadach uachtar línéadach a bhí ag clúdach beart measartha mór. D’iompair sí amach é agus chuir sí a lámha thíos faoi le cibé ní a chosaint a bhí ansin. Bhí meáchan ann is bhí sé fada go leor le cruth aisteach. Mhothaigh sí taobh amháin a bhí cuartha agus an bun a bhí caol. De réir a chéile, bhain sí an t-éadach. As eireaball a súl, chonaic sí cruth sorcóra is dath órga lonrach. Bhuail splanc chuimhní í. D’aithin sí an patrún fiarláin, an t-adhmad garbh. Bhain sí an chuid eile faoi dheifir. Bhí an ceart aici. Chuala sí a croí ag preabarnach os ard. Bhí mearbhall ag teacht uirthi agus bhí sé doiligh aici anáil a tharraingt mar is ceart. Is fiche bliain ar a laghad a bhí ann ón uair dheireanach a chonaic sí é – an vása órga Spáinneach.

Thiontaigh sí thart an t-iarsma agus rinne sí mi-onscrúdú air le cinntiú nach rud dul amú uirthi. Rinne sí a seacht ndícheall cuimhneamh ar an aois a raibh uirthi nuair a thosaigh na hargóintí uilig idir a tuismitheoirí. Chuala sí macalla na nguthanna ina cloigeann – a máthair is a hathair ag scairtigh is doirsí ag druidim. Chonaic sí í féin mar chailín óg ina suí ar an staighre ag éisteacht leo. Ag an bhomaite sin, thóg sí a lámh is chuir sí ar a cléibh é óir mhothaigh sí an pian, an brón, an ceo ón am seo chuaigh thart. Níor aithin sí, go fiú, go raibh na deora ag titim go flúirseach óna

leicne is go raibh sí ar crith. Is fada an lá ó bhuail na mothúcháin sin í. Is fada an lá ó chonaic sí a hathair féin go fiú. Is é an lá a tháinig an vása órga chun tí a bhfaca sí don uair dheireanach é – b’shin é an lá a d’athraigh gach rud ina saol.

Caithfidh sé gur chuir a máthair an vása i bhfolach ag barr an tí go luath ina dhiaidh an lá cinniúna sin. Chuimhnigh Lucy ar na laethanta a chaith a máthair ag siar – chaoineadh agus ag luí ina leaba. Níor thuig Lucy ariamh an fáth ar imigh a hathair ach thuig sí go raibh baint aige leis an vása a tháinig an lá sin. Chuir sí a méar ar bhun an vása, ag mothú an chríoch uigeach. Thiontaigh sí bunoscionn é agus is ansin a thug sí faoi deara go raibh bearna ann. Dhírigh sí a súil i dtreo an phoill go bhfaca sí píosa páipéir istigh sa chroílár. Chroith sí é ag úsáid a dá lámh go dtáinig nóta amach ina glac. Ba léir go raibh fuairín cúng déanta de sa dóigh is go dtiocfadh leis fanacht ansin cosúil le rún marbh. Tháinig scanradh ar Lucy anois ag smaoineamh ar an chinniúint a bhí os a comhair.

Bhí a lámha ar crith Bhí sí ar tí an nóta a oscailt nuair a chuala sí guth ag teacht ó bhun an tí. “A Lucy, a stór. ‘Bhfuil tusa go fóill thuas ansin. Tá sconnóga úra faighte agam dúinn – na cinn bhlasta le seacláid bhán ‘s sútha craobha iontu.”

D’fhill Lucy an píosa páipéir faoi dheifir agus bhrúigh sí isteach ina póca cúil é. Chuimil sí na deora óna haghaidh le muinchille a geansaí. Thóg sí a guthán agus d’amharc sí uirthi féin sa cheamara ar eagla go raibh mascára faoina súile. “Ag teacht anois a Mhamaí. Bomaite beag.” Tharraing sí í féin suas le tacaíocht ón bhíoma adhmaid os a cionn. Ghlac sí anáil mhór isteach is amach arís chun í féin a shuaimhniú. Rinne sí athuair é lena cuid súl druidte. Ansin shiúil sí go cúramach i dtreo na dréimí ag oscailt an áiléir.

## Linda Byrne

### *A Lure*

Hills and mountains  
in my way  
but I'll take a step  
a step closer  
to be undressed by you

The textured cotton  
the textured wallpaper  
the worried bed  
the crying carpet

In the midst of  
hills and mountains  
you can pretend  
pretend to be magical

To forget your day-to-day  
not washing the dishes  
not feeding the dogs  
but drinking in the lure

A lure so delicious  
it'll consume your whereabouts  
and place you  
rolling  
undulating and swallowing  
in the hills and mountains

It's all  
hills and mountains  
hills and mountains  
closed curtains in the daytime  
stranger's things on your floor

And he is good  
and the climb is strong  
and the trail is set  
instinctive and animalistic

Don't look down  
from heady headless heights  
down into his clever eyes  
it's too soon

We are both pretending  
both reaching and traveling  
happily tearing at tree roots  
as we climb the hills and mountains

It's all  
hills and mountains  
hills and mountains

## Sean Fitzsimons

### *Where the Wild Things Grow*

I love to go, where the wild things grow, and the oak trees know,  
yes the oak trees know  
about fairy doors and ancient wars, tribal tales,  
before the cross and the nails.

I love to go, where the wild things grow,  
where the snails can talk and the plants can walk, where the  
free birds fly (and they don't ask why), where there is no time –  
there is only now.

I love to go where the wild things grow, where wild cats be hissinn',  
tall trees be kissinn', an' there's no missing you,  
an' no missing me, 'cause all is One  
an' One is free.

I love to go where the wild things grow, where the shrooms are funny  
and the bees make the honey. Where the wild things grow  
there is no money –  
if this sounds appealin' and you need some healin'

please go where the wild things grow.

## Dan Gregory

### *Creamy Dams*

*goes G, D, C*

back a good ole while ago  
maybe it was '92  
me and few other boys  
went on the beek from school  
the sun was burning in the sky  
and we thought *fuck this lark*  
so we registered in our form class  
then fucked off to the park  
when we were on our way there  
we robbed McErlain's  
and got ourselves some creamy buns  
and took a good long chase  
for the fellas in the factory  
were always on the watch  
but they gave up all their chasin'

when we got to the park  
we were eating our creamy dams  
on the top of a grassy hill  
when two fully grown twin brothers appeared  
below on the football pitch  
they punched the fuck clean out of each other  
then wrestled to the ground  
then they started kissing violently  
and rolling all around  
we all ran like hairy bears and handed ourselves in  
and we didn't give a flyin' fuck  
for the trouble we'd be in  
so don't be being bad boys  
and don't be beekin' school  
especially in the Falls Park  
or you could end up getting tooled

## Aedín Ní Thiarnaigh

### *Dán Chinn a Bhaile*

Oíche mhaith ó Chinn an Bhaile;  
